**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta*

**2023/0181(NLE)**

7.11.2023

***

# DRÉACHTMHOLADH

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a thabhairt i gcrích
(COM(2023)0313 – C9-0000/2023 – 2023/0181(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Joachim Schuster

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a thabhairt i gcrích**
**(COM(2023)0313 – C9-0000/2023 – 2023/0181(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0313),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (00000/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0000/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0000/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Angóla.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 23 Márta 2021 ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le hAngóla maidir le comhaontú um infheistíocht a éascú. Tháinig an méid sin sna sála ar ráiteas comhpháirteach a d'eisigh Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, Valdis Dombrovskis agus Aire Trádála agus Tionscalaíochta Angóla, Victor Fernandes, an 8 Meán Fómhair 2020 inar deimhníodh '*a rún tús a chur le plé tosaigh maidir le comhaontú infheistíochta AE-Angóla, anuas ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, chun díriú ar infheistíocht a éascú.'* An 26 Bealtaine 2021, d'údaraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh tús a chur leis an gcaibidlíocht agus ghlac sí treoracha caibidlíochta.

An 22 Meitheamh 2021, sheol an tAontas agus Angóla caibidlíocht maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú ('an Comhaontú'). Tugadh an chaibidlíocht chun críche tar éis ceithre bhabhta caibidlíochta an 18 Samhain 2022.

Is é cuspóir foriomlán an Chomhaontaithe foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht dhlíthiúil, feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus slógadh agus coinneáil na hinfheistíochta idir an tAontas agus Angóla a éascú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta nua-aimseartha simplithe a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche, rud a rachaidh chun tairbhe do chuideachtaí eachtracha agus intíre araon. Cuirtear forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus cruthú post chun cinn agus neartaítear an caidreamh infheistíochta déthaobhach leis an gcomhaontú. Is é an Comhaontú seo an chéad chomhaontú maidir le hinfheistíocht a éascú a rinne an tAontas riamh a chaibidil.

Tá 4 chaibidil shubstainteacha sa Chomhaontú (II. Trédhearcacht agus intuarthacht; III: Nósanna imeachta údaraithe a chuíchóiriú; IV. Pointí fócasacha agus ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara; V. Infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe). I gCaibidil VI 'Agóid a sheachaint agus a réiteach', atá bunaithe ar chomhar idir na Páirtithe agus ar réiteach a chomhaontú ar bhonn frithpháirteach, áirítear inti ina theannta sin an fhéidearthacht go ndéanfaí eadráin idir Stáit mar rogha dheireanach, anuas ar rialacha idirghabhála.

Ina theannta sin, leis an gComhaontú, déantar gné forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú sa chaidreamh infheistíochta, lena n-áirítear gealltanais gan dlíthe agus caighdeáin saothair nó chomhshaoil a lagú chun hinfheistíocht a mhealladh. Áirítear ann gealltanais chun comhaontuithe idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear Comhaontú Pháras. Leis an gComhaontú, ceanglaítear ar na Páirtithe cleachtais ghnó fhreagracha ag infheisteoirí a chur chun cinn agus comhar déthaobhach a neartú maidir le gnéithe infheistíochta de bheartais i ndáil leis an athrú aeráide agus beartais um chomhionannas inscne.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.